Déanfaidh an vacsaín seo páistí a chosaint ó Fhliú na Muc agus cosnóidh sé na daoine atá timpeall orthu. Mura fhaigheann siad an fliú, ní scaipfidh siad é i measc a gclann, a gcairde nó daoine eile i ngar dóibh nach bhfuil an sláinte go maith acu. Dá mhéad daoine a fhaigheann an vacsaín, is éis lú fliú a bheas ag dul timpeall.

Cén fáth a bhfuil páistí faoi 5 mbliana d'aois ag fáil an vacsaín anois?
Táimid ag iarraidh a chinntiú go gcosnófar an oiread páistí agus is féidir ó thionchair an fhliú. Tá páistí den aois seo i gcontúirt níos mó ó Fhliú na Muc ná mar atá daoine fásta. Tá contúirt níos mó ann go rachaidh an fliú in aimhréidh orthu agus go gcuirfear san ospidéal iad dá bharr.

An bhfuil an vacsaín in aghaidh Fhliú na Muc sábháilte?
Tá. Tá dhá vacsaín in aghaidh Fhliú na Muc in úsáid in Éirinn, Pandemrix agus Celvapan. Tá an dá cheann faoi cheadúnas Bhord Leigheasra na hÉireann agus tá said faighte ag na milliúin ar fud na hEorpa i mbliana cheanna féin. Bíonn frithghníomhacha normálta ag baint leis, cosúil leis an ghnáth vacsaín don fhliú shéasúrach. Is fíor annam a tharlaíonn frithghníomartha tromchúiseacha ailléirgeacha agus ní féidir leis an vacsaín Fliú na Muc a thabhairt duit.

An bhfuil aon duine nár cheart dó/di vacsaín Fhliú na Muc a fháil?
Níor chóir an vacsaín a thabhairt do pháiste faoi 6 mhí d'aois ná do pháiste a bhfuil teocht de 38C* air/uirthi. Má tá droch-ailléirge ag páiste in aghaidh uibheacha, is féidir an vacsaín Celvapan a thabhairt dóibh mar go bhfuil uibheacha sa Vacsaín Pandermix. Mura bhfuil Celvapan ar fáil ag do scoil, beidh tú in ann é a fháil ó chlinic FSS. Má tá aon droch-ailléirgí ar do pháiste nó má bhí Siondróm Guillain Barré ar do pháiste, ba chóir duit seo a scríobh síos ar an fhoirm toilithe.

Cad faoi má bhí Fliú na Muc ar do pháiste cheanna féin nó má tá an vacsaín faighte cheanna?
Má bhí fliú ar do pháiste ó Aibreán seo chaite, fós ba choir an vacsaín a fháil dod' pháiste mar go mb'fhéidir nárbh é an víreas Paindéim H1N1 2009 a bhí ar do pháiste sa gcéad áit. Má déanadh tástáil saotharlainne i gcomhair an Víris Paindéim H1N1 agus toradh faighte gurb é an víreas sin a bhí ann, ní theastaíonn an vacsaín sa gcás sin.

Cén fhad a thógann sé go dtí go mbíonn an vacsaín éifeachtach?
Tosaíonn an vacsaín ag feidhmiú laistigh de choicís.

Cé mhéad dáileog a bheas ag teastáil ó mo pháiste?
Is leor dáileog amháin a thabhairt do pháistí atá 13 bliain d'aois agus ós a chionn. Beidh an dara dháileog ag teastáil ó pháistí faoi 13 amach anseo agus cuirfidh an FSS daoine ar an eolas faoi nuair atá an dara vacsaín réidh.

Céard leis a mbeifeá ag súil i ndiaidh an vacsaín a fháil?
Beidh na fo-iarsmaí coitianta ón vacsaín éadrom go maith, ina measc, tinneas agus deargadh nó at san áit a tugadh an instealladh. Uaireanta bíonn tinneas cinn, fi abhras, cráphéin, gríos éadrom nó tuirse i gceist. Cuireann roinnt daoine allas agus bíonn crithfhuacht orthu de réir mar a ghéilleann a gcóras imdhíonachta don vacsaín, ach ní Fliú na Muc é seo agus imeoidh sé tar éis lá nó dhó. Is fíor annamh a tharlaíonn frithghníomh in aghaidh vacsaíní a chuirfeadh beatha duine i mbaol.

Céard a dhéanfaidh mé má mhothaíonn mo pháiste tinn tar éis an vacsaín a fháil?
Tabhair paraicéiteamól nó ibuprofen dó/di má tá an teocht ard nó má tá tinneas san áit a tugadh an instealladh. Seachain éadaí a chuimlíonn in aghaidh an áit a tugadh an instealladh agus ól neart uisce. Cuimhnigh, má tá páiste tinn tar éis vacsaín a fháil, go mb'fhéidir gur rud éigin eile is cúis leis – ná glac leis gurb é an vacsaín is cúis leis agus faigh comhairle dochtúra más gá.

An gcaithfidh mé íoc as an vacsaín?
Tá an vacsaín féin agus an vacsaíniú saor in aisce do gach duine.

Saorghlao 1800 94 11 00 www.swineflu.ie